

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Márta 2022 – Genekam Biotechnology v an Coimisiún(Cás T-579/20) ⁽¹⁾

(Comhaontú deontais arna thabhairt i gcrích mar chuid den seachtú Chláir Réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007-2013) – Tionscadal Fibrogelnet – Éileamh a aisghabháil – Sásra cumhdaigh riosca – Éileamh a aisghabhtar iarbhir ón gciste ráthaíochta – Cinneadh lena mbunaítear oibleagáid airgid infheidhmithe – Airteagal 299 CFAE – Dlíinse údar an ghnímh – Deireadh le rannpháirteachas an iarratasóra sa tionscadal – Costais incháilithe – Tuarascálacha agus bunspríocanna inghnóthaithe)

(2022/C 198/52)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis***Páirtithe***Iarratasóir:* Genekam Biotechnology AG (Duisbourg, an Ghearmáin) (ionadaí: S. Hertwig, Dlíodóir)*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. André, J. Estrada de Solà agus R. Pethke, i gcáil Gníomhairí)**Maidir le:**

Iarraidh bunaithe ar Airteagal 263 CFAE agus ag iarraidh go ndéanfaí Cinneadh C(2020) 5548 críochnaitheach ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020 a neamhniú lena bhforchuirtear oibleagáid airgid infhorghníomhaithe i leith an iarratasóra a bhaineann le suim 119,659.55 euro, mar aon leis an ús mainneachtana, a eascraíonn as an deontas a fuair an t-iarratasóir don tionscadal Fibrogelnet

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear leis an achomharc.
- 2) Ordaítear do Genekam Biotechnology AG na costais a íoc, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na himeachtaí ar bhearta idirlinne.

⁽¹⁾ IO C 414, 30.11.2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – NV v eu-LISA(Cás T-661/20) ⁽¹⁾

(2022/C 198/53)

Teanga an cháis: an Béarla

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

⁽¹⁾ IO C 19, 18.1.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – ON v An Coimisiún(Cás T-730/20) ⁽¹⁾

(2022/C 198/54)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

⁽¹⁾ IO C 44, 8.2.2021.